Dáta Nua le bheith Curtha ar an bhForlíonadh le liosta na bPostvótálaithe nó ar Liosta na Vótálaithe Speisialta Dé Sathairn 3 Bealtaine 2014

Toghcháin Eorpacha, Toghcháin Áitiúla agus Fothoghcháin na Dála i dtoghlaigh Bhaile Átha Cliath Thiar agus an Longfoirt-na hIarmhí

DÉ hAOINE 23 BEALTAINE 2014

Ionaid Vótála Ar Oscailt
7.00 a.m. – 10.00 p.m.

Ag eascairt ón ordú maidir le Lá na Vótaíochta do na fothoghcháin i dtoghlaigh Bhaile Átha Cliath Thiar agus an Longfoirt-na hIarmhí, is é **Dé Sathairn 3 Bealtaine 2014** an dáta deiridh anois le bheith curtha ar an bhforlíonadh le liosta na bPostvótálaithe agus le liosta na Vótálaithe Speisialta **ar fud na tíre**. Ní mór foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag do Chomhairle Contae nó Cathrach **faoin dáta sin**.

Má tá tú i dteideal vótáil tríd an bpost, nó mura bhfuil tú ábalta a theacht i láthair le vótáil de bharr tinnis coirp nó míchumais coirp agus go bhfuil tú i do chónaí in ospidéal, i dteach altranais nó i bhforas dá leithéid, agus nach bhfuil tú ar Liosta na bPostvótálaithe ná ar Liosta na Vótálaithe Speisialta, féadfaidh tú fós **iarratas a dhéanamh ar a bheith curtha ar an bhforlíonadh do na liostaí sin**. Tá **Foirmeacha Iarratais** ar fáil ó do Chomhairle Cathrach nó ó do Chomhairle Contae.

Is mar seo a leanas an ceart vótála:
Saoránaigh na Breataine agus na hÉireann: is féidir leo vótáil ag ag na toghcháin Eorpacha agus áitiúla agus ag fothoghcháin na Dála.
Saoránaigh AE Eile: is féidir leo vótáil ag na toghcháin Eorpacha agus áitiúla.
Saoránaigh neamh-AE: is féidir leo vótáil ag na toghcháin áitiúla.